Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

13613/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0347 (NLE)**

ECOFIN 950
FIN 988
UEM 264

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ísiltír a fhormheas |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Deireadh Fómhair 2022**
**maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ísiltír a fhormheas**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Ísiltír an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 8 Iúil 2022, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 4 Deireadh Fómhair 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022')[1].

(2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, tá an ranníocaíocht uasta airgeadais i gcomhair thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha gach Ballstáit le nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(3) An 6 Iúil 2023, chuir an Ísiltír an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta mhodhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, faoi bhráid an Choimisiúin.

(4) Cuireann an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe san áireamh iarraidh réasúnaithe don Choimisiún togra a dhéanamh go leasófaí an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 lena meastar nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla go páirteach. Na modhnuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Ísiltír isteach, baineann siad le 10 mbeart.

---

1 Féach doiciméid ST 12275/22 agus ST 12275/22 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(5) An 14 Iúil 2023, chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na hÍsiltíre i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Mhol an Chomhairle freisin don Ísiltír, *inter alia*, an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus le bearta éifeachtúlachta fuinnimh chun tomhaltas fuinnimh a laghdú. Ina theannta sin, mhol an Chomhairle go dtabharfaí an Ísiltír tacaíocht don aistriú chuig an bhfás inbhuanaithe. Mhol an Chomhairle freisin go gcuirfí deireadh leis na bearta tacaíochta fuinnimh géarchéime de réir a chéile agus go n-áiritheofaí beartas fioscach stuama agus infheistíocht phoiblí atá maoinithe ar bhonn náisiúnta á coimhéad san am céanna. Lena chois sin, mhol sí go laghdófaí an chlaontacht fiachais do theaghlaigh agus an saobhadh sa mhargadh tithíochta. Maidir leis an margadh saothair, mhol an Chomhairle go laghdófaí dreasachtaí chun conarthaí sealadacha nó conarthaí solúbtha a úsáid agus go dtabharfaí aghaidh ar ghanntanas struchtúrach lucht saothair agus scileanna. Mhol an Chomhairle freisin go leanfaí de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre a chur chun feidhme go leanúnach.

(6) Cuireadh isteach an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe tar éis próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, a raibh údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann, amhail saoránaigh, cuideachtaí agus comhlachtaí corpraithe. Cuireadh isteach an t-achoimre ar na comhairliúcháin in éineacht leis an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta modhnaithe. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an plean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe, i gcomhréir leis na treoirlínte um measúnú a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241

(7) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Ísiltír isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 10 mbeart.

(8) Mhínigh an Ísiltír nach féidir na trí bheart a bhaint amach ina n-iomláine de thairbhe gur forbraíodh bearta malartacha eile chun a gcuspóirí a bhaint amach. Baineann sé sin le garsprioc 1 de bheart C1.1 R1 (athchóiriú ar chánachas fuinnimh) agus leis an tuairisc ar an mbeart sin faoi chomhchuid 1 (An t-aistriú glas a chur chun cinn), sprioc 83 de bheart C3.2 I2 (Fóirdheontas infheistíochta le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe agus coigilteas fuinnimh) agus an tuairisc ar an mbeart sin faoi chomhchuid 3 (An margadh tithíochta a fheabhsú agus maoin réadach a dhéanamh níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de) agus spriocanna 108 agus 109 de bheart C5.1 I1 (Cumas daonacmhainní breise sealadacha le haghaidh cúraim le linn géarchéimeanna) faoi chomhchuid 5 (Cúram sláinte poiblí agus ullmhacht paindéime a neartú) agus tuairisc ar an mbeart sin. Ar an mbonn sin, d'iarr an Ísiltír go leasófaí garsprioc 1 agus sprioc 83, go gcuirfí deireadh le spriocanna 108 agus 109 agus go gcuirfí garsprioc 108a agus sprioc 109a leis agus go gcuirfí na hathruithe thuasluaite i gcrích. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.

(9) Mhínigh an Ísiltír nach féidir beart amháin a bhaint amach níos mó ina iomláine toisc go n-éilíonn an dul chun cinn teicneolaíoch a rinneadh ó cuireadh isteach an plean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh athruithe ar an aonad tomhais a úsáidtear le haghaidh ceann de spriocanna an bhirt sin, i gcás nach ndéanann an t-athrú ar an aonad tomhais difear do leibhéal uaillmhéine an bhirt. Mhínigh an Ísiltír go bhfuil feabhas tagtha ar acmhainneacht na gcoimeádán fuinnimh modúlach ó cuireadh an plean téarnaimh agus athléimneachta isteach, agus chun an acmhainneacht chéanna a bhaint amach, tá gá le níos lú coimeádán ná mar a measadh roimhe seo. Baineann sé sin le sprioc 24 de bheart C1.1 I3 (aistriú fuinnimh ar uiscebhealaí intíre, tionscadal Seirbhísí Astaíochtaí Nialasacha (ZES)) agus an tuairisc ar an mbeart sin faoi chomhchuid 1 (An t-aistriú glas a chur chun cinn). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ísiltír go leasófaí an gharsprioc thuasluaite agus go gcuirfí an t-athrú thuasluaite i gcrích. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.

(10) Mhínigh an Ísiltír freisin nach féidir beart amháin a bhaint amach níos mó ina iomláine mar gheall ar an méadú níos airde (ná mar a bhíothas ag súil leis, tráth a cuireadh isteach an plean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh) ar phraghsanna le haghaidh leictreachais agus le haghaidh longa a chlaochlú go longa faoi chorás tiomána astaíochtaí nialasacha. Baineann sé sin le sprioc 26 de bheart C1.1 I3 (aistriú fuinnimh ar uiscebhealaí intíre, tionscadal Seirbhísí Astaíochtaí Nialasacha (ZES)) agus an tuairisc ar an mbeart sin faoi chomhchuid 1 (An t-aistriú glas a chur chun cinn). Mhínigh an Ísiltír nach féidir a oiread long a chlaochlú mar gheall ar mhéaduithe níos airde ar phraghsanna, ná mar a bhíothas ag súil leo, chun longa a chlaochlú go longa faoi chóras tiomána astaíochtaí nialasacha, rud a fhágann gur gá an sprioc a laghdú. Mhínigh an Ísiltír freisin gur tháinig athrú ar struchtúr an éilimh ar an bhfóirdheontas mar thoradh ar phraghsanna leictreachais níos airde ná mar a bhíothas ag súil leo, rud a chiallaíonn go bhfuil formáidí agus méideanna éagsúla ag longa claochlaithe ná mar a measadh. Dá bharr sin, is gá an t-aonad tomhais a athrú. Ar an mbonn sin, d'iarr an Ísiltír go laghdófaí an gharsprioc thuasluaite agus go gcuirfí an t-athrú thuasluaite i gcrích. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.

(11) Mhínigh an Ísiltír freisin nach féidir dhá bheart a bhaint amach níos mó ina n-iomláine laistigh d'amlíne an chur chun feidhme atá i gceist mar gheall ar mhéaduithe ar phraghsanna. Baineann sé sin le spriocanna 55–57 de bheart C2.2 I3 (Stáisiúin chliste cois bóthair) agus leis an tuairisc ar an mbeart sin faoi chomhchuid 2 (Dlús a chur leis an gclaochlú digiteach) agus spriocanna 76–79 de bheart C3.1 I1 (Tionscadail nua foirgníochta a scaoileadh) faoi chomhpháirt 3 (An margadh tithíochta a fheabhsú agus maoin réadach a dhéanamh níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de). Déantar difear don bheart réamhluaite mar gheall ar an méadú ar rátaí úis agus ar phróisis cheadaithe fhadtréimhseacha le haghaidh tionscadail foirgníochta de dheasca srianta chun teorainn a chur le hastaíochtaí iomarcacha nítrigine. Shoiléirigh an Ísiltír go bhfuil uaillmhian fhoriomlán an dá bheart fós mar an gcéanna ach gur gá na spriocanna sna blianta roimhe dá gcur chun feidhme a ísliú, agus ba cheart na spriocanna sin a chúiteamh trí na spriocanna a mhéadú sna blianta ina dhiaidh sin den chur chun feidhme. Ar an mbonn sin, d'iarr an Ísiltír go gcuirfí deireadh le sprioc 76, go gcuirfí síneadh le hamlíne chun chur chun feidhme spriocanna 56 agus 57, go laghdófaí spriocanna 55, 56, 77 agus 78 agus go méadófaí spriocanna 57 agus 79 agus go gcuirfí na hathruithe thuasluaite i gcrích. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.

(12) Mhínigh an Ísiltír nach féidir beart amháin a bhaint amach níos mó ina iomláine laistigh d'amlíne RRF mar gheall ar ualach oibre buaice gan choinne do na comhlachtaí atá freagrach as cúnamh a thabhairt i leith cistí pinsin i gcur chun feidhme an athchóirithe agus, san an am céanna, tá sé níos deacra acmhainneacht riaracháin a mhéadú mar gheall ar ghanntanais shubstaintiúla lucht saothair san Ísiltír. Baineann sé sin le beart C4.1 R3 (Athchóiriú ar an dara colún den chóras pinsin) faoi chomhchuid 4 (An margadh saothair, pinsin agus oideachas atá dírithe ar an todhchaí a neartú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ísiltír go leasófaí an tuairisc ar an mbeart agus sprioc bhreise a chur leis, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.

(13) Ina theannta sin, mhínigh an Ísiltír nach féidir dhá bheart a bhaint amach níos mó ina n-iomláine toisc go raibh tionchar gan choinne ag an easpa éilimh ar oiliúint in earnálacha áirithe agus ar an staid fheabhsaithe i margadh an tsaothair mar gheall ar ghanntanas lucht saothair. Dá bharr sin, níor baineadh a oiread leasa as seirbhísí arna dtairiscint ag gníomhaireachtaí fostaíochta na bhFoirne Soghluaisteachta Réigiúnacha, mar a bhíothas ag súil leis. Baineann sé sin le sprioc 95 de bheart C4.1 I1 (leanann an Ísiltír de bheith ag foghlaim) faoi chomhchuid 4 (An margadh saothair, pinsin agus oideachas atá dírithe ar an todhchaí a neartú) agus garspriocanna 97, 98, 99 agus sprioc 100 d'infheistíocht C4.1 I2 (Foirne Soghluaisteachta Réigiúnacha (RMTanna)) faoi chomhchuid 4 (An margadh saothair, pinsin agus oideachas atá dírithe ar an todhchaí a neartú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ísiltír go leasófaí sprioc 95, go gcuirfí deireadh le beart C4.1 I2 chomh maith le garspriocanna 97, 98, 99 agus go n-úsáidfí sprioc 100 den bheart sin agus na hacmhainní atá fágtha arna saoradh de bharr an aistrithe sin chun beart nua a chur isteach lena gcumasófar uas-sciliú agus athsciliú do dhaoine a fhaigheann sochair dhífhostaíochta shealadacha agus atá leochaileach sa mhargadh saothair agus go gcuirfí garsprioc 97a agus sprioc 98a den bheart sin leo. Faoin mbeart nua, soláthraítear maoiniú do Ghníomhaireacht Árachais Fostaithe na hÍsiltíre (UWV). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ísiltír go gcuirfí na hathruithe thuasluaite i gcrích. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.

(14) Measann an Coimisiún go bhfuil údar maith leis an leasú de bhun Airteagal 21(2) den Rialachán (AE) 2021/241 mar gheall ar na cúiseanna a chuir an Ísiltír in iúl.

Ceartúcháin ar earráidí cléireachais

(15) Sainaithníodh ceithre earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022, a raibh tionchar acu ar cheithre sprioc, aon gharsprioc agus cheithre bheart. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí a léiríonn ábhar an plean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 8 Iúil 2022, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Ísiltír. Baineann na hearráidí cléireachais sin le sprioc 34 de bheart C1.2 I2-1 (Scéim cabhrach um athshlánú feirmeacha muc) faoi chomhchuid 1 (An t-aistriú glas a chur chun cinn), sprioc 75 de bheart C3.1 R5-2 (Dlús a chur le próiseas agus nósanna imeachta foirgníochta cónaithe) faoi chomhchuid 3 (An margadh tithíochta a fheabhsú agus eastát réadach a dhéanamh níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de), sprioc 93 de bheart C4.1 I1 (Leanann an Ísiltír ag foghlaim) agus tuairisc ar an mbeart sin faoi chomhchuid 4 (An margadh saothair, pinsin agus oideachas atá dírithe ar an todhchaí a neartú), agus sprioc 123 agus garsprioc 124 de bheart C6.2 R6 (Beartas frithsciúradh airgid) faoi chomhchuid 6 (Dul i ngleic le pleanáil ionsaitheach cánach agus sciúradh airgid) i roinn 2. Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

Caibidil REPowerEU bunaithe ar Airteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241

(16) I gcaibidil REPowerEU tá aon athchóiriú nua amháin. Tá sé d'aidhm ag athchóiriú 8.2 dul i ngleic le plódú ar an eangach agus dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite san Ísiltír. Áirítear leis an athchóiriú athruithe ar an gcód eangaí leictreachais agus ba cheart, dá réir sin, go mbeifí in ann úsáid a bhaint as an eangach ar bhonn níos solúbtha nuair a bhíonn sí plódaithe. De bhreis air sin, tugadh isteach leis an athchóiriú creat tosaíochta nua le haghaidh infheistíochtaí in eangaí leictreachais, chomh maith le cur i gcrích pleananna infheistíochta réigiúnacha chun an eangach a leathnú, ar pleananna iad nach mór d'oibreoirí na n-eangach a leanúint. Ba cheart an pacáiste dlús a chur freisin le nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite.

(17) Áirítear i gcaibidil REPowerEU freisin bearta méadaithe a dhéanann difear do bheart amháin faoi chomhchuid 3 'An margadh tithíochta a fheabhsú agus maoin réadach a dhéanamh níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de'. Leis na bearta méadaithe, tugtar isteach feabhas substainteach ar leibhéal uaillmhéine an bhirt atá san áireamh cheana féin sa phlean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta. Le Infheistíocht 8.1 déantar feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh sa timpeallacht thógtha a fhóirdheonú, agus cuirtear le beart C3.2 I2 'Fóirdheontas infheistíochta le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe agus coigilteas fuinnimh' faoi chomhchuid 3 'An margadh tithíochta a fheabhsú agus maoin réadach a dhéanamh níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de'. Is éard ba cheart a bheith sna hidirghabhálacha incháilithe suiteáil teaschaidéal, coirí gréine, naisc theirmeacha, insliú, teaschaidéil leictreacha agus, ó 2023 ar aghaidh, suiteálacha cócaireachta leictreacha. Ba cheart é a bheith de chuspóir ag na hidirghabhálacha laghdú 30 % ar a laghad ar éileamh príomhúil fuinnimh a bhaint amach ar an meán. Mar gheall ar an mbeart méadaithe tá níos mó ná a dhá oiread de leibhéal uaillmhéine an bhirt ann atá san áireamh cheana féin sa phlean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta.

(18) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Freagairt chothrom lena rannchuidítear leis na sé cholún

(19) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is é atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, den chuid is mó (rátáil A), freagairt chuimsitheach agus chothromaithe a dhóthain ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a rannchuidíonn go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

(20) Measann an Coimisiún nach bhfuil tionchar ag modhnú an phlean mar aon le caibidil REPowerEU ach amháin ar an measúnú ar rannchuidiú an plean téarnaimh agus athléimneachta leis an gcéad cholún maidir leis an aistriú glas. Maidir leis na colúin eile, ní bhíonn tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe atá beartaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta ar an measúnú a rinneadh roimhe seo ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta arb ionann é cuid mhór agus freagairt chuimsitheach agus chothromaithe ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, agus ar a rannchuidiú iomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/241.

(21) Maidir leis an gcéad cholún, áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na hÍsiltíre bearta breise chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ghlasa, go háirithe i gcomhchuid 8 (REPowerEU). Rannchuidíonn na bearta i gcaibidil REPowerEU le spriocanna aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach agus le cuspóir aeráidneodracht an Aontais a bhaint amach faoi 2050 toisc go bhfuil sé d'aidhm acu an sciar de na foinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú i meascán breosla na hÍsiltíre mar aon leis an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú.

Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fho-thacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha

(22) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, go héifeachtach le haghaidh a thabhairt ar gach dúshlán nó ar fho-thacar suntasach dúshlán (Rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an Ísiltír, lena n-áirítear gnéithe fioscacha díobh agus moltaí arna ndéanamh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(23) Go háirithe, cuirtear san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta moltaí tír-shonracha a ghlac an Chomhairle go foirmiúil sular cuireadh faoina bráid. Leanann sé d'aghaidh a thabhairt ar mholtaí tír-shonracha 2022. Cuireadh moltaí tír-shonracha 2023 maidir le fuinneamh san áireamh freisin agus na modhnuithe á bhforbairt, agus baineann sé sin go háirithe leis na moltaí chun an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus tomhaltas fuinnimh a laghdú sa timpeallacht thógtha.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25).

(24) Áirítear leis an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe sraith fhairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta uile, nó ar fhothacar suntasach díobh, a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle ar an Ísiltír i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Go háirithe, leis an bpacáiste maidir le hathchóiriú an mhargaidh fuinnimh a áirítear i gcaibidil REPowerEU, tá coinne leis go dtabharfar aghaidh ar an moladh an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh. Tá sé beartaithe go gcuirfidh an pacáiste athchóiriúcháin seo dlús le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh trí nósanna imeachta ceadaithe níos tapúla agus trí fheabhsuithe ar acmhainneacht na heangaí leictreachais. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm aige aghaidh a thabhairt ar phlódú ar an eangach sa ghearrthéarma. Mar thoradh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe tá méadú suntasach tagtha freisin ar an uaillmhian maidir le coigilteas fuinnimh i maoin réadach a bhaint amach, níos mó ná a dhá oiread idirghabhálacha éifeachtúlachta fuinnimh a bhí beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thuasluaite agus, dá réir sin, deireadh a chur le bacainní ar infheistíochtaí i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite agus infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh a spreagadh, meastar go rannchuideoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta freisin le ceartú a dhéanamh ar na míchothromaíochtaí, mar a shainaithnítear sna moltaí a rinneadh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 in 2022, ar míchothromaíochtaí iad arb ann dóibh san Ísiltír, go háirithe maidir le míchothromaíochtaí a bhaineann leis an mbarrachas mór sa chuntas reatha.

(25) Le modhnú an plean téarnaimh agus athléimneachta, tríd an mbuiséad uas-scilithe agus athscilithe do dhaoine dífhostaithe atá leochaileach sa mhargadh saothair, tugtar aghaidh ar moladh 3.5 2022 maidir le deiseanna uas-scilithe agus athscilithe a neartú, go háirithe dóibh siúd atá ar imeall an mhargaidh saothair. Ina theannta sin, meastar go rannchuideoidh an modhnú, tríd an ngné nua maidir le gairmoideachas agus 'oiliúint ar an láthair oibre' in earnáil na sláinte, le comhlíonadh moltaí 3.4 agus 3.5 2022 maidir le haghaidh a thabhairt ar ghanntanas lucht saothair sa chúram sláinte agus deiseanna uas-scilithe agus athscilithe a neartú.

(26) Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha ábhartha uile tráth a cuireadh an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta modhnaithe isteach, measann sé go bhfuil dul chun cinn substaintiúil déanta i ndáil le moltaí 2020 maidir le céimeanna a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar ghnéithe den chóras cánach lena ndéantar éascú ar phleanáil ionsaitheach cánach, lena n-áirithítear maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar an gcreat frithsciúrtha airgid agus é sin a fhorfheidhmiú go héifeachtach, infheistíochtaí sa taighde agus sa nuálaíocht atá dírithe ar mhisin maidir le tionchar eacnamaíoch agus sóisialta COVID-19 a mhaolú. Rinneadh dul chun cinn suntasach freisin maidir le moladh 2022 chun beartas fioscach a shaothrú arb é is aidhm dó seasaimh fhioscacha mheántéarmacha stuama a bhaint amach, agus maidir leis an moladh ó 2019 freisin beartais a chur chun feidhme chun ioncam indiúscartha teaghlaigh a mhéadú.

Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU

(27) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de agus Iarscríbhinn V, critéar 2.12, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, meastar go rannchuideoidh caibidil REPowerEU go héifeachtach den chuid is mó (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus leis an éifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(28) Meastar go rannchuideoidh cur chun feidhme na mbeart a áirítear i gcaibidil REPowerEU le tacú leis an gcuspóir a leagtar amach in Airteagal 21c(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241. Trí dhreasachtaí móra a sholáthar do theaghlaigh agus do ghnólachtaí, tá coinne leis go gcuirfidh an infheistíocht go mór leis an éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh san Ísiltír, go háirithe trí rannchuidiú le giniúint teasa a leictriú agus trí insliú foirgneamh a fheabhsú. Tá coinne leis go gcuirfidh an t-athchóiriúchán ar mhargadh an fhuinnimh dlús le húsáid fuinnimh in-athnuaite trí dhul i ngleic le plódú ar an eangach leictreachais agus trí nósanna imeachta ceadaithe a ghiorrú.

(29) Meastar freisin go rannchuideoidh cur chun feidhme na mbeart a áirítear i gcaibidil REPowerEU le tacú leis an gcuspóir a leagtar amach in Airteagal 21c(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241. Is é is aidhm don athchóiriúchán ar mhargadh an fhuinnimh dálaí a chur i bhfeidhm a mheastar infheistíochtaí níos airde in acmhainneacht eangaí a bheith mar thoradh ar na dálaí sin chomh maith le bainistiú níos solúbtha a dhéanamh ar acmhainneacht na heangaí tráth a bhíonn plódú ar an eangach.

(30) Tá bearta REPowerEU comhsheasmhach le bearta náisiúnta na hÍsiltíre a bhfuil sé d'aidhm acu astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus an sciar de na foinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Tá an pacáiste maidir le hathchóiriúchán an mhargaidh fuinnimh comhsheasmhach freisin le bearta an rialtais chun deireadh a chur le scrogaill san eangach leictreachais, ar ina leith atá imchlúdach substaintiúil arna mhaoiniú go náisiúnta ar fáil chun borradh a chur faoi infheistíochtaí san eangach. Leagtar síos leis an athchóiriúchán i gcaibidil REPowerEU an creat le haghaidh thosaíochtaí na n-infheistíochtaí sin. Tá an infheistíocht comhsheasmhach freisin le hiarrachtaí na hÍsiltíre an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú. Chuige sin, tá bearta rialála i bhfeidhm lena dtugtar dreasachtaí le haghaidh laghduithe ar an éileamh ar fhuinneamh agus lena dtugtar fóirdheontais i leith feabhsuithe ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Leis na bearta sin, treisítear freisin na bearta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh maidir leis an éifeachtúlacht fuinnimh agus nuachóiriú chreat dlíthiúil na margaí gáis nádúrtha agus leictreachais.

(31) Dá bhrí sin, tá béim láidir ag bearta REPowerEU ar fheabhas a chur ar na dálaí a bhaineann le foinsí inathnuaite fuinnimh a úsáid agus lena gcomhtháthú san eangach leictreachais. Ina theannta sin, tá coinn leis go laghdóidh an fóirdheontas éifeachtúlachta fuinnimh ar bhonn substaintiúil éileamh ar fhuinneamh atá ag teaghlaigh agus gnólachtaí a fhaigheann tacaíocht. Meastar go gcuideoidh sé sin leis an Ísiltír a sciar íseal d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite sa mheascán fuinnimh a mhéadú agus a spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, rud a mhéadóidh slándáil fuinnimh an Aontais.

Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo

(32) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó tionchar trasteorann nó ilnáisiúnta mór (rátáil A) ag baint leis na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU.

(33) Tá gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leis an dá bheart i gcaibidil REPowerEU agus, dá bhrí sin, le 100 % dá chostais mheasta. Tá coinne leis go rannchuideoidh na bearta i gcaibidil REPowerEU le foinsí fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú san eangach chomh maith leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú. Mar thoradh air sin, tá coinne leis go rannchuideoidh siad leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus ar an éileamh foriomlán ar fhuinneamh a laghdú agus, dá bhrí sin, meastar go bhfuil éifeacht dhearfach trasteorann acu, mar a leagtar síos sa treoir ón gCoimisiún i gcomhthéacs REPowerEU.

(34) Meastar go mbeidh gné thrasteorann nó iltíre ag an infheistíocht san éifeachtúlacht fuinnimh den chuid is mó mar gheall ar an laghdú suntasach 30 % ar an meán a bhfuil coinne leis ar an éileamh ar fhuinneamh mar thoradh ar na hidirghabhálacha fóirdheonaithe, rud a laghdóidh go mór an t-éileamh ar fhuinneamh agus an spleáchas ar bhreoslaí iontaise san Ísiltír agus, dá bhrí sin, san Aontas ina iomláine.

(35) Tá coinne leis go gcuirfidh an pacáiste athchóiriúcháin ar an margadh fuinnimh le plódú ar an eangach a laghdú agus le dlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite. Meastar go n-éascófar leis sin úsáid fuinnimh in-athnuaite, rud a laghdóidh spleáchas na hÍsiltíre ar bhreoslaí iontaise agus a chuirfidh feabhas ar shlándáil an tsoláthair san Aontas.

Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht

(36) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, a rannchuidíonn cuid mhór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, tá méid airgid ag gabháil leo arb é atá sa mhéid sin 54,9 % de leithdháileadh iomlán an plean téarnaimh agus athléimneachta agus 100 % de chostais mheasta iomlána na mbeart i gcaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI (AE) 2021/241 a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

(37) Níl tionchar ag na bearta modhnaithe ar uaillmhian fhoriomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta maidir leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht. Leantar d'infheistíochtaí an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur san áireamh a mheastar a chuirfidh go mór le cuspóirí an dícharbónaithe agus an aistrithe fuinnimh mar a leagtar amach i bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide na hÍsiltíre 2021-2030, rud a chuirfidh le sprioc aeráide 2030 an Aontais.

(38) Tacaíonn na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU tuilleadh tacaíochta leis an aistriú glas san Ísiltír, toisc go rannchuidíonn an infheistíocht chomh maith leis an athchóiriúchán le spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus sciar den fhuinneamh in-athnuaite i meascán fuinnimh na hÍsiltíre a mhéadú. Le caibidil REPowerEU, rannchuidíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta le cuspóirí aeráide 54,9 %. Meastar go mbeidh tionchar fadtéarmach ag an mbeart athchóirithe mar gheall ar chineál na n-idirghabhálacha incháilithe agus, ar an gcaoi sin, go rannchuideoidh sé go mór le cuspóir na haeráidneodrachta. Leis an athchóiriúchán ar an margadh fuinnimh, tá coinne leis go n-éascófar infheistíochtaí in eangach leictreachais na hÍsiltíre agus i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite na hÍsiltíre, rud a rannchuideoidh go díreach le húsáid breoslaí iontaise a laghdú. Dá bhrí sin, meastar go rannchuideoidh an dá bheart le spriocanna 2030-2050 a bhaint amach agus le cuspóir an Aontais a bheith aeráidneodrach faoi 2050.

Faireachán agus cur chun feidhme

(39) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is leordhóthanach (rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(40) Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe freisin nuashonrú teoranta ar an gcreat faireacháin agus cur chun feidhme chun an obair a léiriú a rinneadh d'fhonn an faireachán agus an cur chun feidhme a chuíchóiriú a thuilleadh. Is í Stiúrthóireacht thiomnaithe an Chláir don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta san Aireacht Airgeadais an comhlacht comhordúcháin a ullmhaíonn treoirlínte ginearálta a shainíonn conas ba cheart garspriocanna agus conas ba cheart fianaise bhreise a chur ann. Ina theannta sin, ba cheart na treoirlínte sin a chur san áireamh i rialachán buiséid an rialtais agus ba cheart iad a thabhairt cothrom le dáta gach bliain. Tá cur chun feidhme bhearta an plean téarnaimh agus athléimneachta fós comhtháite i dtimthriall rialaithe inmheánach na n-aireachtaí éagsúla a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an plean téarnaimh agus athléimneachta agus ba cheart iad a chur san áireamh ina dtuarascálacha bliantúla, ach níor cheart iad a áireamh mar aguisín ar leith sna tuarascálacha bliantúla roinne. Na garspriocanna agus na spriocanna a ghabhann leis na bearta athchóirithe agus infheistíochta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, is garspriocanna soiléire réalaíocha iad, agus is táscairí ábhartha, inghlactha láidre iad na táscairí atá beartaithe maidir leis na garspriocanna agus leis na spriocanna sin.

Costáil

(41) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an réasúnú a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, maidir le méid na gcostas measta iomlán a bhaineann leis an bplean, tá an réasúnú sin meánach maidir lena réasúnta agus a shochreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(42) Maidir leis an measúnú costála ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh in 2022, sholáthair an Ísiltír miondealuithe mionsonraithe de ghnáth ar mheastacháin ar chostais aonair. Bhí an réasúnú a tugadh sa phlean bunaidh maidir le méid chostais mheasta iomlána an plean téarnaimh agus athléimneachta réasúnta agus inchreidte ar bhonn meánmhéid, i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus bhí sé i gcomhréir leis an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta náisiúnta a rabhthas ag súil leis agus fuair sé rátáil B ag an am.

(43) De réir na faisnéise a soláthraíodh, léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin chostais ar infheistíochtaí nua agus ar bhearta REPowerEU go bhfuil an chuid is mó de na costais réasúnta agus inchreidte cé go léiríonn an fhianaise leibhéil éagsúla sonraí agus doimhneacht na ríomhanna. I gcás cuid de na hinfheistíochtaí agus na leasuithe nua, ní leordhóthanach an míniú a thugtar ar réasúnaíocht agus ar shochreidteacht na meastachán costais, rud a chuireann rátáil A don chritéar measúnaithe seo as an áireamh. Ina theannta sin, bhí údar cuí le hathruithe sna meastacháin chostais le haghaidh bearta leasaithe agus bhí siad comhréireach agus dá bhrí sin níor athraíodh réasúnaíocht agus inchreidteacht na meastachán costais sin i gcomparáid leis an plean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Sholáthair an Ísiltír faisnéis agus dearbhú leormhaith chun a áirithiú nach gcumhdaítear costais an plean téarnaimh agus athléimneachta le maoiniú eile de chuid an Aontais. Ar an iomlán, tá costais iomlána mheasta an plean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá siad i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

(44) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear REPowerEU, agus na bearta breise atá sa Chinneadh seo, is leordhóthanach (rátáil A) iad chun coinbhleachtaí leasa, éilliú agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus meastar go seachnófar go héifeachtach leo cistiú dúbailte ón tSaoráid agus ó chláir eile an Aontais. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun coinbhleachtaí leasa, éilliú, agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

---

1 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

(45) Tá an córas rialúcháin agus na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh in 2022 bunaithe ar phróisis agus ar struchtúir láidre a úsáidtear sa chreat náisiúnta atá ann cheana. Tugtar tuairisc shoiléir ar ghníomhaithe agus ar na róil agus na freagrachtaí atá acu i ndáil le feidhmiú na gcúraimí rialaithe inmheánaigh. Ainmnítear Stiúrthóireacht um Chláir na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta san Aireacht Airgeadais mar an comhlacht comhordúcháin. Trí dearbhuithe idirmheánacha (i.e. dearbhuithe ón mbainistíocht ar leibhéal na gcomhlachtaí cur chun feidhme), beidh ar chomhlachtaí cur chun feidhme deimhin a dhéanamh go ndéanfar cosaint ar leasanna airgeadais an Aontais agus ar bhailíocht na sonraí a tuairiscíodh maidir leis na garspriocanna agus na spriocanna. Tá na dearbhuithe idirmheánacha sin le fíorú agus le síniú ag Stiúrthóireachtaí Gnóthaí Eacnamaíocha Airgeadais na n-aireachtaí a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an plean téarnaimh agus athléimneachta (ar a dtugtar stiúrthóireachtaí FEZ). Déanfaidh an t-údarás iniúchóireachta ‘auditdienst rijk’, ar seirbhís neamhspleách é laistigh den Aireacht Airgeadais, iniúchtaí rialta ar na córais bhainistíochta agus rialúcháin, tástáil shubstainteach san áireamh.

(46) Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe freisin nuashonrú ar an gcreat rialaithe agus iniúchóireachta chun an obair a léiriú a rinneadh d'fhonn na próisis ábhartha a chuíchóiriú a thuilleadh. Áirítear ann nuashonrú ar an nós imeachta chun cistiú dúbailte a chosc, go háirithe maidir le húsáid Arachne. Níl Arachne éigeantach níos mó, ach má roghnaíonn stiúrthóireacht beartais gan Arachne a úsáid, tá sé d'oibleagáid uirthi modh malartach a úsáid chun an baol coinbhleachta leasa nó neamhchomhlíonadh na rialacha maidir le Státchabhair a sheachaint mar aon leis an gcumas oibríochtúil, riaracháin agus airgeadais cuideachtaí oibríochtaí arna gcómhaoiniú ag an Aontas. Tá an dearbhú maidir le heaspa cistiúcháin dhúbailte arna shíniú ag stiúrthóireacht beartais ábhartha na n-aireachtaí lena mbaineann le cumhdach sna dearbhuithe bainistíochta atá le síniú ar leibhéal an bhirt. Dá bhrí sin, chun dúbláil a sheachaint, cuireadh deireadh le dearbhú ar leith in aghaidh gach stiúrthóireachta beartais de chuid na n-aireachtaí lena mbaineann maidir le cistiú dúbailte. Tá nósanna imeachta eile i bhfeidhm a bhaineann le cistiú dúbailte agus ar bhonn níos leithne le cosaint leas airgeadais an Aontais agus meastar go bhfuil siad leordhóthanach agus láidir. Ar an iomlán, ní dhéanann na hathruithe a tugadh isteach difear don chonclúid go bhfuil na socruithe atá beartaithe leordhóthanach.

Aon chritéar measúnaithe eile

(47) Measann an Coimisiún nach ndéanann na modhnuithe a chuir an Ísiltír chun cinn difear don mheasúnú dearfach don RRP a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir le i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an plean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (c), (d), (f), (g) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

An próiseas comhairliúcháin

(48) Chuaigh an Ísiltír i gcomhairle le páirtithe leasmhara éagsúla maidir leis na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU agus thug sí mínithe ar thoradh na gcomhairliúchán sin agus ar an gcaoi ar léiríodh ionchur na bpáirtithe leasmhara. Áiríodh an beart 'Fóirdheontas infheistíochta le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe agus coigilteas fuinnimh' sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh agus tá sé méadaithe i gcaibidil REPowerEU. Dá bhrí sin, rinneadh an próiseas comhairliúcháin den chuid is mó sular cuireadh an plean bunaidh isteach. Bhí comhairliúchán le brainsí éagsúla den rialtas, d'eagraíochtaí fostaithe agus d'eagraíochtaí fostóirí agus d'institiúidí poiblí eile. Chuathas i gcomhairle leis an bpobal i gcoitinne freisin agus an plean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh á ullmhú trí phróiseas comhairliúcháin ar líne. Maidir leis na dúshláin níos leithne a bhaineann leis an aistriú fuinnimh, téann an Ísiltír i gcomhairle le grúpaí saineolaithe ar bhonn leanúnach agus tá plean gníomhaíochta náisiúnta foilsithe aici. Ina theannta sin, maidir leis an mbeart 'pacáiste maidir le hathchóiriúchán an mhargaidh fuinnimh' chuaigh údaráis na hÍsiltíre i gcomhairle le páirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear Údarás na hÍsiltíre um Thomhaltóirí agus Margaí, údaráis réigiúnacha, oibreoirí eangaí fuinnimh, eolaithe agus an pobal i gcoitinne (trí chomhairliúcháin oscailte a bhfuil rochtain ag saoránaigh, cuideachtaí agus institiúidí poiblí orthu). Baineadh úsáid as ionchur ó na páirtithe leasmhara sin le haghaidh na mbeart chun aghaidh a thabhairt ar an bplódú ar an eangach leictreachais, tosaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí chun an eangach a leathnú agus nósanna imeachta níos éifeachtúla a bhunú chun tionscadail bonneagair fuinnimh a cheadú.

Measúnú dearfach

(49) Tar éis don Choimisiún measúnú dearfach a dhéanamh maidir leis an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, agus ba é an toradh a bhí air, go comhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, leis an gCinneadh seo ba cheart a leagan amach na hathchóiriúcháin agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an plean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU.

Ranníocaíocht airgeadais

(50) Is é EUR 5 443 293 000 costais mheasta iomlána an plean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe na hÍsiltíre, lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an plean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Ísiltír, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh do RRP modhnaithe na hÍsiltíre, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, a bheith cothrom le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil do RRP modhnaithe na hÍsiltíre, lena n-áirítear caibidil REPowerEU. EUR 4 707 063 471 atá sa mhéid sin.

(51) De bhun Airteagal 21d(5) de Rialachán (AE) 2021/241, an 6 Iúil 2023 chuir an Ísiltír iarraidh isteach ar leithdháileadh an ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 21a(1) den Rialachán sin, arna chomhroinnt idir na Ballstáit ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach sa mhodheolaíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn IVa a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Is é EUR 735 000 000 costas measta iomlán na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f), de Rialachán (AE) 2021/241 a áirítear i gcaibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil an méid sin níos airde ná an sciar leithdháilte atá ar fáil don Ísiltír, ba cheart an tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha bhreise atá ar fáil don tSlóvaic a bheith cothrom leis an sciar leithdháilte. EUR 454 359 575 atá sa mhéid sin.

(52) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755[1], an 28 Feabhra 2023 chuir an Ísiltír iarraidh réasúnaithe isteach chun a leithdháileadh sealadach féin atá fágtha a aistriú ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta arna bunú ag Rialachán (AE) 2021/241 ('an tSaoráid'), arb é an méid atá ann EUR 280 000 000. Ba cheart an méid sin a chur ar fáil chun tacú leis na hathchóiriúcháin agus leis na hinfheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU mar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha bhreise.

[1] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

(53) Ba cheart ranníocaíocht airgeadais iomlán EUR 5 441 423 046 a bheith ar fáil don Ísiltír.

(54) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ísiltír a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ísiltír a fhormheas mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na hÍsiltíre a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóiriúcháinb agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Ísiltír i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha arb é an méid atá ann EUR 5 441 423 046*. Áirítear ar an rannchuidiú sin:

(a) beidh méid EUR 3 929 409 575 ar fáil, lena gealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;

(b) beidh méid EUR 777 653 896 ar fáil, lena gealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;

(c) méid EUR 454 359 575**, i gcomhréir le hAirteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, go heisiach le haghaidh bearta mar a dtagraítear in Airteagal 21c den Rialachán sin, cé is moite de na bearta mar a dtagraítear in Airteagal 21c (3), pointe (a) den Rialachán sin;

(d) méid EUR 280 000 000, arna aistriú ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid.

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don Ísiltír i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh an Coimisiún na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir cistiú a bheith ar fáil.'

---

* Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na hÍsiltíre de speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

** Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na hÍsiltíre de speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Iarscríbhinn IVa den Rialachán sin.'.

(3) cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

*Seolaí*

Is chuig Ríocht na hÍsiltíre a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

---